Cuntas Leithreasa 2015

Vóta 6

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Réamhrá

Tá dualgas orm mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

Tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh ar thuarastail agus ar chostais in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015, de réir an cheanglais sin.

Tá comparáid déanta idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2015, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair.

Tá barrachas €212,780 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a réiteach i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú.

Costais fhabhraithe

Áiríonn na costais fhabhraithe táillí comhairle a bhí faoi réir ag próiseas measúnaithe agus athbhreithnithe ach nár íocadh ag deireadh na bliana.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil le seirbhís chomhroinnte párolla/AD.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe, den dáta an 29ú Márta 2016, ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte, lena dhearbhú go bhfuil na rialuithe cuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhís chomhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tairmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail

Comhlíonadh maidir le Soláthar

Cinntíonn an Oifig go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go mbítear ag comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ach amháin i gcás 15 conradh de luach €898,466 atá liostaithe i mo thuairisceán i ndáil le Ciorclán 40/2002. Bhain 10 gconradh ar luach €372,104 le híocaíochtaí do sholáthróirí aonair. Sna 5 chás eile le luach €526,362, bhí socruithe áitiúla conartha i bhfeidhm contrártha le treoirlínte náisiúnta soláthair. Ní fada go mbeidh próiseas cur amach ar thairiscintí curtha i gcrích ag an Oifig do cheann de na míreanna is suntasaí caiteachais agus tá súil aici tairiscint a thabhairt le haghaidh mír eile roimh dheireadh 2016. Tá sé i gceist freisin leas a bhaint as socruithe, a bhfuil sé tugtha le fios ag an Oifig um Sholáthar Rialtais go mbeidh siad i bhfeidhm le linn 2016, chun conarthaí nua a bhronnadh in dhá chás breise.

Rioscaí suntasacha airgeadais

Mar a leagtar amach thuas is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig i bhfoirm comhaontú conartha le cuideachta gairmiúil iniúchta ag a bhfuil pearsanra le hoiliúint chuí fostaithe agus a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Glacann sí le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Neartaigh an Oifig a feidhm iniúchta inmheánaigh sa bhliain 2015 nuair a d'fhostaigh sí speisialtóirí iniúchta seachtracha. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Slándáil Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais d'fhonn príomhrioscaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (ICT) a mhaolú. Déantar athbhreithniú agus uasghrádú, nuair is gá, ar bhonn leanúnach ar chórais slándála ICT.

Rialuithe Airgeadais agus Riaracháin

Déanann MAC agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go rialta ar rialuithe. Breithníonn MAC gach tuairisc iniúchta inmheánaigh.

Eileen Creedon
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

31 Márta 2016

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 6 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

Scóip an iniúchta

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

Tuairim faoin gcuntas leithghabhála

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 6 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Oifig. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla áisc ábhartha neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair i dtacaí le conarthaí a d'fheidhmigh i 2015.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meán Fómhair 2016

Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Cuntas Leithreasa 2015

				2015	2014
			Soláthar Measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
Caiteachas Cláir					
A	Seirbhísí dlí a sholáthar				
	Bunchaiteachas	28,826			
	Breise	1,500			
			30,326	29,925	26,983
	Ollchaiteachas				
	Bunchaiteachas	28,826			
	Breise	1,500			
			30,326	**29,925**	**26,983**
	Asbhain				
B	**Leithreasaí i gCabhair**		**1,860**	**1,672**	**1,514**
	Glanchaiteachas				
	Bunchaiteachas	26,966			
	Breise	1,500			
			28,466	**28,253**	**25,469**

Barrachas le géilleadh

Tá barrachas na suime a luaitear le cois an ghlanmhéid dlite le géilleadh don Státchiste.

	2015	2014
	€	€
Barrachas le géilleadh	212,780	839,927

Anailís ar chaiteachas riaracháin

				2015	2014
		Soláthar	Measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais				
	Bunchaiteachas	15,318			
	Breise	(500)	14,818	14,414	14,126
ii	Taisteal agus cothabháil		70	72	59
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha		813	879	745
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		350	321	303
v	Trealamh Oifige agus seirbhísí seachtracha TE				
	Bunchaiteachas	750			
	Breise	(150)	600	584	550
vi	Costais áitribh oifige				
	Bunchaiteachas	300			
	Breise	(100)	200	158	142
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar bheartais luach ar airgead		25	25	20
			16,876	**16,453**	**15,945**

Nótaí atá ag gabháil leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2015

		2015	2014
	€000	€000	€000
Costas cláir		13,472	11,038
Pá		14,414	14,126
Neamhphá		2,039	1,819
Ollchaiteachas		**29,925**	**26,983**
Asbhain			
Leithreasaí i gCabhair		**1,672**	**1,514**
Glanchaiteachas		**28,253**	**25,469**
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin in airgead tirim	(67)		
Dímheas	268		
		201	212
Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt			
Íocaíochtaí in airgead tirim		(42)	(69)
Athruithe ar ghlan-shócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	552		
Laghdú ar stoc	10		
		562	694
Caiteachas díreach		**28,974**	**26,306**
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile			
Glan-chaiteachas ar sheirbhísí comhcheangailte (nóta 1.1)		2,138	2,074
Cíosanna barúlacha		795	795
Glan-chostas cláir		**31,907**	**29,175**

1.1 Glan-Chaiteachas ar Sheirbhísí Comhcheangailte

I ndáil le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile, tá méid an ghlan-chaiteachais ar sheirbhísí comhcheangailte comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas

	2015	2014
	€000	€000
Vóta 7 Airgeadas	—	50
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	1,203	1,106
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	914	906
Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte	21	12
	2,138	**2,074**

2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015

	Nóta	2015 €000	2014 €000
Sócmhainní Caipitil	2.2	534	735
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.3	42	—
		576	**735**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.4	2,455	1,005
Stoic	2.5	33	43
Réamhíocaíochtaí		188	152
Ioncam fabhraithe	2.6	9,746	9,699
Iarmhéideanna dochair eile	2.7	164	416
Sócmhainní reatha iomlána		**12,586**	**11,315**
Lúide sócmhainní reatha			
Costais fabhraithe		1,870	1,235
Iarmhéideanna sochair eile	2.8	2,546	1,966
Glandliteanas don Státchiste	2.9	73	(545)
Dliteanais reatha iomlána		**4,489**	**2,656**
Glan-sócmhainní reatha		**8,097**	**8,659**
Glan-sócmhainní		**8,673**	**9,394**
Arna léiriú sa:			
Cuntas maoinithe stáit	2.1	**8,673**	**9,394**

2.1 Cuntas Maoinithe Stáit	**Nóta**		**2015**	**2014**
		€000	**€000**	**€000**
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir			9,394	10,231
Eisíocaíochtaí ón Vóta				
Soláthar Measta	Cuntas	28,466		
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(213)		
Glan vóta			28,253	25,469
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1		2,138	2,074
Caiteachas nach airgead tirim – cíos barúlach	1		795	795
Glan-chostas cláir	1		(31,907)	(29,175)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig			**8,673**	**9,394**

2.2 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus fearais	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2015	3,932	1,710	5,642
Breiseanna	62	5	67
Diúscairtí	(27)	(15)	(42)
Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2015	3,967	1,700	5,667
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015	3,480	1,427	4,907
Dímheas don bhliain	180	88	268
Dímheas ar dhiúscairtí	(27)	(15)	(42)
Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2015	3,633	1,500	5,133
Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015	**334**	**200**	**534**
Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014	**452**	**283**	**735**

2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

amhail an 31 Nollaig	Feidhmchláir ríomhairí
	€000
Méideanna tugtha chun cinn an 1 Eanáir 2015	—
Íocaíochtaí in airgead tirim sa bhliain	42
Aistrithe go dtí clár na sócmhainní	—
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015	42

2.4 An Banc agus Airgead Tirim amhail an 31 Nollaig	2015 €000	2014 €000
Iarmhéideanna agus airgead tirim PMG	2,453	999
Iarmhéideanna cuntais bhainc thráchtála	2	6
	2,455	1,005

2.5 Stoic amhail an 31 Nollaig	2015 €000	2014 €000
Stáiseanóireacht	33	43

2.6 Accrued Income

amhail an 31 Nollaig

Tá na costais faoi cháin gan íoc suntasach, ach tá a leithéid de chostais fós gan íoc ós rud é gurb é polasaí na hOifige dul sa tóir ar gach ordú costais a bhronntar.

2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile	**2015**	**2014**
amhail an 31 Nollaig	**€000**	**€000**
Ilghnéitheach	164	416

2.8 Iarmhéideanna Sochair Eile	**2015**	**2014**
amhail an 31 Nollaig	**€000**	**€000**
Méideanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	327	236
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta	166	116
Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla	353	390
Cáin Bhreisluacha	—	1
Cáin Mhaoine Áitiúil	1	1
Ranníoca pinsin	75	52
	922	796
Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí	70	53
Éarlaisí réadmhaoine stáit	1,554	1,117
	2,546	1,966

2.9 Glandliteanas don Státchiste	**2015**	**2014**
amhail an 31 Nollaig	**€000**	**€000**
Barrachas le géilleadh	213	840
Deontas státchiste nár tarraingíodh	(140)	(1,385)
Glandliteanas don Státchiste	73	(545)
Arna léiriú i:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	2,455	1,005
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	164	416
	2,619	1,421
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(922)	(796)
Iarmhéideanna sochair: ar fionraí	(1,624)	(1,170)
	(2,546)	(1,966)
	73	(545)

2.10 Ceangaltais	**2015**	**2014**
amhail an 31 Nollaig	**€000**	**€000**
Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe de réir dlí	662	1,197

Tá tiomantais ann i leith cásanna dlí atá ar bun agus nach bhfuil san áireamh sa bhfigiúr thuas mar nach mbeidh na costais deiridh ar fáil go dtí go mbeidh an gníomh dlí tugtha chun críche. Tá an caiteachas faoi réir na ngáthrialuithe costais agus tugtar aird ar theorainneacha buiséid.

2.11 Dliteanais Aibí amhail an 31 Nollaig	**2015** **€000**	**2014** **€000**
Níor urscaoileadh meastachán ar dhliteanais aibí ag deireadh na bliana	109	71

3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheannteideal

				2015	**2014**
		Soláthar	**Measta**	**Toradh**	**Toradh**
		€000	**€000**	**€000**	**€000**
A	**Seirbhísí dlí a sholáthar**				
A.1	Riarachán - pá				
	Bunchaiteachas	15,318			
	Breise	(500)	14,818	14,414	14,126
A.2	Riarachán – neamhphá				
	Bunchaiteachas	2,308			
	Breise	(250)	2,058	2,039	1,819
A.3	Seirbhísí seachtracha dlí		200	243	179
A.4	Táillí abhcóide				
	Bunchaiteachas	9,600			
	Breise	2,500	12,100	12,090	9,823
A.5	Costais ghinearálta dlí				
	Bunchaiteachas	1,400			
	Breise	(250)	1,150	1,139	1,036
			30,326	29,925	26,983

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd, bhí an caiteachas maidir le Clár A €0.401 milliún níos ísle ná mar a luadh. Bhí an caiteachas níos airde ná an bunmheastachán faoi €1.099 milliún, mar gheall ar an méid seo a leanas, go príomha:

Tuairisc	**Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh**	**Míniú**
	€000	
Riarachán - pá	904	Rinneadh coigilteas mar nár líonadh roinnt folúntas dlí san Oifig le linn na bliana de bharr deacrachtaí le foirne a earcú agus fhoireann a choinneáil.
Riarachán - neamhphá (vi)	142	Baineadh coigilteas amach mar gheall ar chaiteachas a bhí níos ísle ná mar a measadh ar throscán agus ar fheistis nuair a cuireadh roinnt oibreacha beartaithe siar go 2016.
Táillí Abhcóide	(2,490)	Bhain an róchaiteachas le cásanna ardphróiflle agus casta a raibh an Oifig ag plé leo i rith na bliana agus tréchur tapa sna cúirteanna i roinnt cásanna.
Costais ghinearálta dlí	261	Bíonn caiteachas faoin bhfo-ceannteideal seo ag brath ar chásanna dlí sna cúirteanna agus dá bhrí sin bíonn sé deacair a thuar.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair

		Measta €000	2015 Réadaithe €000	2014 Réadaithe €000
1.	Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	1,000	805	641
2.	Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ó luach saothair seirbhíse poiblí	860	867	873
		1,860	1,672	1,514

Míniú ar dhifríochtaí suntasacha

Bhí méid an dtáillí réadaithe €195,000 níos lú ná mar a measadh. Ní féidir in aon bhliain a thuar go cruinn na costais a dhámhfar ar an Stát ná na táillí a aisghabhálfar.

4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

Fuair an Státchiste €9,144 (2014: €16,074) ar an iomlán faoin Acht Maoine Stáit, 1954.

5 Líon Fostaithe agus Pá

	2015	2014
An líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéis lánaimseartha)	224	235

	2015 €000	2014 €000
Pá	13,192	12,980
Ard-liúntais, liúntas speisialta nó liúntas do dhualgais bhreise	95	84
Liúntais eile	8	7
Ragobair	15	15
PRSI Fostóra	1,104	1,040
Pá Iomlán	**14,414**	**14,126**

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhFaighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Uas-Íocaíocht Aonair 2015 €	Uas-Íocaíocht Aonair 2014 €
Ard-liúntais, liúntas speisialta nó liúntas do dhualgais bhreise	40	1	11,333	12,382
Liúntais eile	6	—	1,783	1,783
Ragobair	9	—	5,305	3,745
Líon na ndaoine ar leith a fuair breis luach saothair faoi bhreis is catagóir amháin	7	—	9,579	10,688

5.2 Ró-íocaíochtaí Párolla

€35,741 (13 cás) (2014 €13,400,4 cás) an méid a íocadh i ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana. Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i ndáil le €33,118 (9 gcás) díobh sin.

6 Ilghnéitheach

6.1 Airgead Sealbhaithe ar Iontaobhas

Tá roinnt cuntas bainc tráchtála ag an CSSO. Sealbhaítear an t-airgead seo ar iontaobhas thar ceann cliaint-ranna agus oifigí agus tríú páirtithe a mbíonn baint acu go príomha le hidirbhearta maoine. Ní dhéantar aon airgead de chuid vóta an CSSO a chur tríd na cuntais bhainc seo. €0.774 milliún a bhí coinnithe ag deireadh 2015 agus níl sin san áireamh sa chuntas (2014: €1.67 milliún).